

❖ An Lúbín ❖

17 Aibreán 2009

Ciste agus Spraoi

The Department for the Gaeltacht lives and spends in hope; and once a year Gaeilgeoirí allow themselves a good time.

Is fiú suíomh na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a léamh, fiú más le hiontas é. Tá blas maorlathach ar an nGaeilge, ach is léir cén bhrí atá léi:

Is tasc lárnach de chuid na Roinne forbairt gheilleagrach, fhisiciúil agus shóisialta a chur chun cinn i gCeantair Ghaeltachta agus an Ghaeilge a láidriú mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht, go háirithe i dtéarmaí an teanga a thabhairt ar aghaidh ó ghlúin go glúin.¹

Ar éigean is gá a rá go bhfuil ag teip go soiléir agus go leanúnach ar an Roinn é sin a dhéanamh, d'ainneoin a bhfuil ann de chláir, de scéimeanna agus de chomhlachtaí. Aithnítear, ar ndóigh, go bhfuil an-tábhacht ó thaobh an dúchais de leis an bpobal úd a thug an teanga anuas leo ó na sinsir, go fiú má tá smúit rómánsachais ar an scéal. Ach tá an teanga dultha bealach eile, agus is é atá á dhéanamh ag an Roinn cuimhne an tseanreachta a bhuanú. Ní hé sin le rá nach mbeidh scata beag cainteoirí dúchais fós sna ceantair úd i gceann caoga bliain, fiú má cheapann formhór na glúine óige anois nach bhfuil an teanga 'úsáideach'. Is fearr leath ná meath, ach faoi láthair is láidre an meath.

Timpeall naoi mbliana ó shin bhunaigh an Rialtas Coimisiún na Gaeltachta; rinneadh moltaí agus bhunaigh an tAire Coiste Comhairleach sa bhliain 2002. Ní léir do mhórán go ndearnadh eachtra dá bharr, agus déarfadh mórán nach féidir í a dhéanamh anois.

Tá dualgas eile ar an Stát, más fíor don Roinn: úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud na tíre, thuaidh agus theas. Tá tábhacht, mar sin, le Ciste na Gaeilge, pota óir a sholáthraíonn maoiniú d'eagraíochtaí agus do thionscadail. Ní dócha go gcuirfidh mórfhobal na hÉireann spéis bheo sa teanga lenár linn, ach tá cothú na teanga le fáil anois i saol nár dhual di le fada - na cathracha agus an choigríoch. Le tamall anuas tá Rialtas na hÉireann ag tabhairt airgid d'institiúidí thar lear arb áil leo Gaeilge a mhúineadh: fuair Ollscoil Shydney cuid de, agus beidh toradh éigin air.



Ligeamar tharainn Seachtain na Gaeilge, féile choicise ar gnách léi tosú dhá sheachtain roimh Lá Fhéile Phádraig in Éirinn. I mbliana bhí sí ar siúl idir 2-17 Márta, agus an ghnáthaidhm aici - an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a neartú sa bhaile agus i gcéin, cé nár shroich sí an Astráil go fóill. Maíonn eagraitheoirí na féile (le dóchas nó i ndáiríre) go mbíonn an-spraoi i gceist le Seachtain na Gaeilge - go leor imeachtaí éagsúla ó scóráil sciobtha, *Twister* as Gaeilge, oícheanta cheoil go snúcar.

Tá blas deas seanfhaiseanta ar an spraoi céanna (díograiseoirí sinn, ach féach! tá ciall do shult againn). Ní fios an dtreiseoidh sé an Athbhéochan nua ach ní bhainfidh sé di. Beidh a fhios againn go bhfuil an

¹ Ní féidir linn gan tabhairt faoin sliocht seo i nglan-Ghaeilge: 'Is í bunobair na Roinne bail a chur ar na Ceantair Ghaeltachta i gcúrsaí geilleagair, bonneagair agus sóisialta agus an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail ann, go háirithe lena coinneáil beo ó ghlúin go glúin'. Ag léamh Gaeilge na Roinne duit, bheadh ort a rá gur breá an Béarla í.

teanga 'sábháilte' nuair nach gá Seachtain na Gaeilge a chur ag rince ar chor ar bith. Idir an dá linn tiocfaidh ragús óil nó amhránaíochta nó snúcair ar chuid againn gach Márta, agus beannacht an Naoimh mar chlabhsúr ar an ngnó.



An Vicipéid

The Wikipedia has become trustworthy in the major tongues. Now we have the Vicipéid, in Irish, and its makers hope to make it a standard resource.

Tá an Wikipedia ar fáil anois i gcúpla scór teanga, agus orthu sin tá an Ghaeilge, i bhfoirm na Vicipéide. Tá de bhuntáiste ag Wikis na dteangacha forleathana (Béarla, Fraincis, Gearmáinis, mar shampla) go bhfuil na táinte ann lena méadú agus a lán scoláirí ina measc. Is iomaí duine ar gnách leis an Wiki a chuardach trí cheann de na teangacha sin agus muinín aige as an eolas atá ann. Is beag Gaeilgeoir a lorgódh eolas ar bith ar an Vicipéid.

Ar an gcéad amharc déarfá nach bhfuil sa Vicipéid ach ceann den iliomad mionVicithe leathfholamha, cuid acu i dteangacha téagartha dála na Catalóinise agus cuid eile i leithéidí Volapuk (teanga shaorga) agus an tSean-Bhéarla. Is annamh atá tathag iontu. Tá a lear féin ar an Vicipéid: níl flúirse ábhair fós uirthi agus is minic a bhíonn an Gaeilge lag. Is minic is gá na hailt mhóra féin a cheartú ó thaobh na Gaeilge de.

Fógraítear go bhfuil os cionn 8,000 alt le fáil ar an Vicipéid, ach níl ina bhformhór ach 'síolta' - ailt bhunúsacha atá ag fanacht le méadú. Tá os cionn 2,839,800 alt i mBéarla, agus tá os cionn 300,000 alt i ngach ceann de na teangacha a leanas: Gearmáinis, Spáinnis, Fraincis, Iodáils, Ollainnis, Sínis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis, Sualainnis. Tá os cionn 20,000 alt i ngach teanga díobh seo: Briotáinis, Breatnais, Íoslainnis. Tá lear oibre le déanamh ag na Vicipéideoirí fós chun teacht suas leo sin.

Níl riarthóirí na Vicipéide dall ar na deacrachtaí. Tá fáilte acu roimh ábhar ar bith, agus tugtar le fios gur fiú duit cibé Gaeilge atá agat a úsáid chuige, ó bhíonn na hailt á nglanadh ag Gaeilgeoirí oilte. Brostaítear daoine chun ábhar a aistriú ó theangacha eile, ach is annamh teanga eile ag an ngnáthGaeilgeoir ach Béarla, agus ar éigean is fiú an t-ábhar céanna a bheith le léamh agat dhá uair.

Mar sin féin, tá feabhas ag teacht ar chúrsaí. Tá a bhfuil de Ghaeilge lochtach ann á cheartú de réir a chéile. Tá meascán alt ann is fiú a léamh - NASA, Réabhlóid na Fraince, Paragua, an Ghaeilge, agus cúrsaí tíreolaíochta, fealsúnachta agus seandálaíochta. Tá cuid mhaith den ábhar sin aistriithe ó Fhraincis: tá an Wikipédia úd ar fheabhas agus í beag beann ar an mBéarla. Tá roinnt de na hailt Ghaeilge gan chríochnú fós agus is minic naisc folamh ann, ach cuirfear gach rud i gcríoch le haimsir. Go fiú na n-alt atá iomlán iontu féin is féidir cur leo. Tá alt ann faoin nGaeilge san Astráil agus nasc le halt faoi Chumann Gaeilge na hAstráile; beidh ailt eile ann amach anseo faoi stair na teanga i Meiriceá Thuaidh agus i Muir Chairib.

Is é is cuspóir do na Vicipéideoirí foinse cheart eolais a dhéanamh den Vicipéid, díreach mar a rinneadh foinse fhóna den Wikipedia i mBéarla agus i bhFraincis. Ach tá práinn le cabhair chuige, agus is gá freisin gan ach an fheidhm is airdealláí a bhaint as Wiki an Bhéarla; b'fhéarr an t-eolas a bhaint as roinnt foinsí difriúla agus lánúsáid a bhaint as cibé scoláireacht Ghaeilge atá le fáil. Is féidir éacht a dhéanamh ach cur le chéile, agus is ábhar suime é nach Gaeilgeoirí as Éirinn amháin ata i mbun na hoibre.²

Ní deacair an Vicipéid a aimsiú. Ag seo an seoladh:

<http://ga.wikipedia.org/wiki/Pr%C3%ADomhleathanach>

² Orthu siúd tá Gaeilgeoir nótálta ón bhFionnlainn, Panu Petteri Högländ, agus Astrálach nó dhó.

Más mian leat alt a chumadh níl le déanamh agat ach cuimhneamh ar fhocal faire agus bualadh suas chun *Logáil Isteach* ar bharr an phríomhleathanaigh. Is féidir an focal faire a shábháil, agus bíonn cead agat ansin do rogha rud a chruthú nó a cheartú. (Tá cabhair ann.)

Tá dealramh éigin air go n-éireoidh leis an Vicipéid an cur i gcéill úd a sheachaint a chuireann isteach ar chuid mhaith den Ghaeilge phoiblí – an bharúil úd gur leor an Ghaeilge is ciotaí a chur os ár gcomhair lena chruthú ‘go bhfuil an teanga ann’. Ba raiméis riamh í. B’fhiú rud fuaimintiúil fóna a dhéanamh den tioscadal seo: stór eolais a mbainfear tairbhe as.



Oidheadh Con Culainn

A seminar on a seminal text transmitted in manuscript down the centuries.

Ar 7/4/09, i gColáiste Newman in Ollscoil Mhelbourne, bhí Julia Kühns, scoláire óg ó Ollscoil Ghlaschú, i lár an aonaigh. Seimineár léinn Éireannaigh a bhí ann: *Of dying heroes and vanishing poems: the textual transmission and manuscript tradition of Oidheadh Con Culainn*. Tá tráchtas dochtúireachta á dhéanamh ag Julia, agus baineadh ábhar na cainte as an taighde a rinne sí.

Aided Con Culainn a thugtar ar an scéal i Sean-Ghaeilge, agus mhair sé sa Nua-Ghaeilge mar *Oidheadh Con Culainn*. Tá sé roinnte ina thrí chuid, mar a leanas:

Brisleach mór Maighe Mhuirtheimhne – feachtas a dhéanann fir Éireann (agus iad á ngríosú ag Meadhbh, banríon Chonnacht) i gcoinne Con Culainn, rud is trúig bháis dó. I n*Deargruathar Chonail Chearnaigh* téann a chomhalta Conall Cearnach sa tóir ar na fir a mharaigh Cú Culainn. Baineann sé na cinn díobh agus ceanglaíonn de ghad iad, agus áirítear iad i *Laoidh na gCeann*, dán atá ina chomhrá idir Conall agus Eimhear, bean chéile an laoi mhairbh.

D’áirigh Julia na lámhscríbhinní a tháinig anuas chugainn: dhá cheann ón 16ú haois, seacht gcinn ón 17ú haois, ocht gcinn déag ón 18ú haois agus aon cheann amháin is dhá scór ón 19ú haois.

Ar an 18ú haois is mó a bhí aird aici, agus suim ar leith aici sna dánta ba cheart a bheith ag roinnt leis an scéal agus nach bhfuil teacht orthu go minic. D’fhéadfadh a leithéidí a bheith ina nasc idir na leaganacha difriúla agus ina léiriú ar stair an ábhair, ach is minic ar lár iad nó iad gan chumadh ar chor ar bith, mar a léirítear thíos:

Is fir sin, ar sí, as é Laogh sud & an Dubh Saighleann dar n-ionnsuigheadh ar bhfaghbhail an Liath Macha et Cu Culinn marbh a Muigh Murteimhne fo linntibh cro & fo caobhar fola & is olc lim nach e Cu Culainn & an Liath Macha thainic dar n-ionnsaighadh & is mor la thangadar go mhaoidhmeach moredandach sa slighadh ud d’ionsaighadh na hEamhna. & it bert an laoidh agus ni fhaghaim sa cartaigh i.

‘Is fíor sin,’ ar sí, ‘is é Laogh siúd agus an Dubh Saighleann dár n-ionsaí, ar bhfágáil an Liath Macha agus Cú Culainn marbh i Má Mhuirtheimhne faoi linnte cró agus faoi chabhar fola agus is olc liom nach é Cú Culainn agus an Liath Macha a tháinig dár n-ionsaí agus is mór lá a thangadar go maíteach morgánta d’ionsaí na hEamhna.’ Agus dúirt sí an laoi agus ní fhaighim sa chairt [i.e. sa lámhscríbhinn] í.

Thug Julia le fios gur breá léi buntéacs éigin a fháil. In Albain a breacadh cuid de na lámhscríbhinní agus iad ina gcóip de bhunleaganacha Éireannacha, cé nach fios conas a tháinig siad siúd ann. In Éirinn féin bhain an mhórchuid de na lámhscríbhinní le Cúige Mumhan nó le Dún na nGall (agus b’fhurasta dóibh dul ó thuaidh as sin); bhí a leithéidí á scríobh thoir i gCúige Laighean chomh maith. Iad á gcumadh do phátrúin áitiúla go minic ag scríbhneoirí proifisiúnta, ag múinteoirí, ag feirmeoirí. Níl eolas againn ar na scríbhneoirí sin go léir, cé go raibh Aodh Ó Dálaigh, mar shampla, i mbun pinn sa chéad chuid den 18ú haois, agus drochlámh aige is furasta a aithint.

Bhí díospóireacht ann i ndiaidh na cainte faoi chúrsaí stíle agus eile. Tá córacha breátha le fáil sna samplaí is déanaí, rud a chuirfeadh maise ar an scéal i mbéal cainteora mhaith agus an téacs á léamh os ard. Dúradh nach do phátrúin amháin a bhíodh na lámhscríbhinní á gcumadh ach mar bhailiúcháin phearsanta chomh maith; léití os ard iad i measc cuideachta tráthnóna.

B'fhiú an tráchtas a léamh agus é críochnaithe. B'fhiú leabhar féin a dhéanamh de.



Teacht na farraige

Already, it seems, the islands of the Pacific are being drowned in seas fed by melting ice.

B'aisling í a mhaireann fós: na hoileáin aoibhne ghréine, na mná áille, na crainn arda phailme. Saol eile a bhí ann i ndáiríre, ach tá deireadh ag teacht leis. I réigiún leathan an Chiúin-Aigéin tá cuid de na chéad teifigh aeráide le fáil. Tá muintir oileáin Charteret ag aistriú chun oileán mór Bougainville (in aice le Papua Nua-Ghuine) ón mbliain 2005 i leith, agus a n-áit dhúchais á slogadh ag an bhfarraige de réir a chéile.

Tá an CSIRO³ á rá leis na blianta fada gur furasta le hathrach aeráide drochiarsma ar leith a fhágáil ar an réigiún na hÁise agus an Chiúin-Aigéin. Sa tuarascáil *Climate Change in the Asia-Pacific Region* cuirtear síos ar bhá na n-oileán agus na gcóstaí, ar mhilleadh na mangróbh agus na sceireanna, ar leathnú na ngalracha agus ar dhíobháil gheilleagraich.

Beidh rian na haeráide ar leibhéal an uisce agus ar na taoidí sa réigiún, áit a bhfuil éagsúlacht mhór ag baint cheana leis na cúrsaí seo. Bhí anfaí ann riamh agus bíonn taoidí an-arda ann ó am go chéile (agus taoidí an-íse uaireanta); tá an scéal ag brath ar bhrú atmaisféarach, ar an teocht agus ar staid an tsáile, gan trácht ar ísliú an talaimh. Is cosúil gurb é a bheidh ann feasta de bharr théamh na haeráide anfaí níos géire, taoidí níos airde agus bánú na sceireanna tropaiceacha (fágann téamh beag féin drochlorg orthu). Tugann an staidéar a rinneadh ar roinnt oileán sa Chiúin-Aigéan le fios go dtiocfaidh anfaí agus trombháisteach níos minice. Taispeánann na staidéir i gcoitinne go méadaíonn anfaí de réir mar a éiríonn uachtar an uisce níos teo. I bPapua Nua-Ghuine anois is minic aimsir fhiáin ann, dála na tuile a scrios 95% de na bóithre agus de na droichid i gCúige Oro sa bhliain 2007.

Deir tuarascáil de chuid an IPCC gur cosúil go ndíbreofar an 7,000 duine atá ina gcónaí i gCaolas Torres amach san aois seo; áit í a bhfuil dúchas beo saibhir inti, rud a thugann léargas éigin ar an dochar cultúrtha a d'fhéadfadh teacht as aistriú pobail. Ní hiad na hoileáin amháin a bheidh thíos le borradh na farraige ach abhantracha Vítneam, na hIndia, Bhangla Deis agus na Síne chomh maith, agus tá súil le díobháil eile. Meastar go gcaillfear idir 1% agus 13% de mhangróibh an réigiúin; caillfidh tíortha éigin céatadán mór díobh. B'fhéidir go bhfágfadh tinte fiáine agus feo drochchaoi ar roinnt coillte tropaiceacha.

Tá cearta oileánaigh Chaolas Torres cosanta ag an gCúnant Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Is féidir leo achomharc a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daonna toisc go bhfuil dochar an athrach aeráide ag cur isteach ar chúrsaí maireachtála, ar chúrsaí teaghlaigh, ar a gcumas cónaithe agus imeachta agus ar a neamhspleáchas.

Ag comhdháil *Greenhouse 2009* an CSIRO i bPeirt san Astráil Thiar, d'fhógair an tAire Athrach Aeráide go gcaithfí \$150 milliún chun cuidiú lenár gcomharsana dul amach ar an iarsma a d'fhágfadh an aeráid nua orthu. Ach dealraíonn sé go roinnfear an chuid is mó den airgead ar fhorais dhifriúla chun na fadhbanna a iniúchadh agus nach bhfaighidh na hoileáin féin ach an fúilleach.

³ CSIRO: *Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation*; foras a bunaíodh sa bhliain 1949 agus a dhéanann taighde eolaíoch ar son Rialtas na hAstráile.

Ní chreideann formhór na n-eolaithe aeráide gur féidir téamh an domhain a choinneail faoi bhun 2° C, más fíor do shuirbhé a rinneadh ag comhdháil i gCópanhágan an mhí seo caite. Shíl an chuid ba mhó díobh go mbainfí 3-4° amach. Mharódh méadú faoi bhun 2° formhór an choiréil agus chothódh sé triomach agus tinte móra. Thabharfadh méadú 2-3° teocht 40° nó os a chionn leis sa samhradh i Sasana; thiofadh fásach in áit na hAmasóine; mharódh aicidiú na n-aigéan cuid mhaith den phlanctan atá ina bhunchothú ann; thiofadh an fharraige aníos ina tuile. Dá leanfadh an méadú chlisfeadh an fíoruisce, thréigfeadh daoine cuid mhaith den domhan agus bháfaí gach ísleán. Is craosach í an tonn.

Féach:

'First wave of "climate refugees" on the seas,' James Norman, *The Age*, 9/4/09.

'Warming target "will not be met",' David Adam, *The Guardian*, é athchlóite san *Age*, 15/4/09.

www.acfonline.org.au

www.csiro.au

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.